0403

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

# LÉANN CLASAICEACH — ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉARDAOIN, 24 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna anseo ar DHEICH dTOPAIC.
- Tá na topaicí eagraithe ina dtrí ghrúpa mar a leanas:
  Grúpa I : Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Topaicí 8 go 10.
- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt faoi CHEITHRE THOPAIC mar a leanas:
  Ní mór topaic amháin a ghlacadh as **gach grúpa ar leith,** agus is féidir an ceathrú topaic a roghnú as **aon cheann** de na trí ghrúpa.
- Tá 100 marc ag dul do gach topaic.
- Tá na fótagraif, a mbíonn gá leo le ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, le fáil ar pháipéar, a bhfuil **X** marcáilte air, atá ina theannta seo.

## GRÚPA I: Topaicí 1 go 4

### Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta. [100]

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Tháinig na Corcyraigh chun na hAithine sular thosaigh an Cogadh Peilpinseach d'fonn comhaontacht leis na hAithnigh a lorg. Chuir na Coraintigh toscairí chun na hAithine freisin chun cur in aghaidh na comhaontachta seo.

(*a*) Rianaigh na príomhargóintí a bhí ag na Corcyraigh agus ag na Coraintigh.

(*b*) Cén chomhairle ar ar chinn na hAithnigh sa chás seo ar deireadh? An raibh an ceart ag na hAithnigh, dar leatsa, a leithéid de chomhairle a chinneadh?

(ii) (*a*) Cad é do mheas ar charachtar agus ar scileanna Chléón?

(*b*) An dtugann Tuicididéas cothrom na Féinne do Chléón, dar leatsa?

(iii) "Fad a bhí na hullmhúcháin seo ar siúl, fuarthas amach gur scoradh agus gur milleadh an aghaidh de gach ceann beagnach de na Hermae cloiche i gcathair na hAithne i gcaitheamh aon oíche amháin." (Tuicididéas 6, 27).

(*a*) Rianaigh na himeachtaí a lean milleadh na Hermae go dtí gur thréig Alcibiades agus gur thaobhaigh sé leis na Spartaigh.

(*b*) Cad a léiríonn an eachtra seo go léir dúinn faoi charachtar Alcibiades? Déan tagairt don ábhar dualgais mar thaca le do fhreagra.

(iv) Dar leatsa, cad iad na tréithe is cúis le Tuicididéas a bheith ina mhórstaraí, agus a chinntíonn go "mairfidh a shaothar, *Stair an Chogaidh Pheilpinsigh*, go deo"?

### Topaic 2. Alastar Mór. [100]

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (*a*) Inis go hachomair cé mar a bhásaigh Alastar Cleitus agus cé mar a d'iompair Alastar é féin ina dhiaidh sin.

(*b*) Cad a léiríonn an eachtra seo dúinn maidir le mana na n-oifigeach ba dhlúithe d'Alastar ag an am sin?

(*c*) Cé air a gcuirfeá an locht is mó, ar Alastar nó ar Chleitus?

(ii) Tabhair cuntas ar na príomhaonaid in arm Alastair (idir mharcaigh is choisithe) agus ar an leas a bhain sé astú le linn cogaíochta.

(iii) Ag tarraingt duit as a bhfuil léite agat de shaothar Phlútairc agus Arrian, cén tionchar, dar leat, a bhí ag **gach duine** díobh seo ar Alastar: a mháthair Olympias; a athair Pilib; a mhúinteoir Arastotail?

(iv) Cé chomh dáiríre a bhí Alastar, dar leat, faoina "pholasaí um chomhtháthú" (i.e. a pholasaí maidir le Peirsigh agus Macadónaigh a chomhnascadh ina impireacht)?

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (*a*) Cuntas a thabhairt ar pháirt Chrassus i gcúrsaí polaitíochta na Poblachta déanaí go dtí a bhás i 54 R. Ch.

(*b*) Cén fáth, dar leat, nach raibh sé inchurtha le Poimpéas ná Caesar i dtaca lena chuid éachtaí?

(ii) (*a*) Rianaigh príomhthéamaí fhilíocht Chatullus.

(*b*) Cad iad na difríochtaí a shonraíonn tú idir Catullus agus na scríbhneoirí eile ar do chúrsa a bhain leis an bPoblacht Rómhánach déanach?

(iii) Nocht do thuairim faoi na príomhchúiseanna a bhí le turnamh na Poblachta Rómhánaí. I do fhreagra déan tagairt don staidéar atá déanta agat ar Phlútarc.

(iv) "Óir má chuireann gach duine againn roimhe an duine eile a robáil nó a ghortú ar mhaithe lenár stór pearsanta a mhéadú, is léir ansin go bhfuilimid ar tí an rud is nádúrtha thar rud ar bith eile ar an saol a scriosadh: an nasc daonnachta a cheanglaíonn le chéile sinn go léir."

(Cicearó, *Conas Teacht ar an Socrú Ceart*).

(*a*) Conas a fhorbraíonn Cicearó an argóint thuas?

(*b*) Conas a dhéileálann sé ansin leis an hagóidí a d'fhéadfaí a chur?

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (*a*) Gearrchuntas a thabhairt ar an tréimhse ó bhás Iúil Chaesair go dtí Cath Actium inar chloígh Ágastas Antaine agus Cléopatra.

(*b*) Cén fáth, dar leat, ar éirigh la hÁgastas an bua a bhreith leis tar éis na mblianta corracha seo?

(ii) "Go luath in aimsir na hImpireachta sa Róimh bhí ról sár-thábhachtach ag an nGarda Praetóireach agus a chuid Maor."

An ráiteas seo a phlé agus tagairt a dhéanamh don ábhair dualgais.

(iii) (*a*) Rianaigh réim Sheinice le linn do Néaró a bheith ina impire.

(*b*) Cad a léiríonn bás Sheinice faoina charachtar agus faoi charachtar Néaró?

(iv) "Cuireann an Seanad alltacht ar Thacatas. Is truamheálach an léiriú a thugann sé ar an fhoras seo a bhí mórchumhachtach tráth". (Réamhrá, Tacatas, *Annála Impireacht na Róimhe*).

An ráiteas seo a phlé i bhfianaise iompar an tSeanaid le linn réimeas Thibéiriais.

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Dramaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) "De réir mar a théann an díospóireacht ar aghaidh – agus leantar léi, buille ar bhuille, go scrupallach cothrom – tuigtear dúinn go bhfuil ag éirí le hAescaileas na pointí a chruinniú gan stad i gcás ceisteanna morálta".

É seo a phlé agus tagairt a dhéanamh do Ghníomh 2 de *Na Froganna* le hArastofainéas.

(ii) (*a*) Rianaigh na gearáin a bhí ag Proiméitiús i gcoinne Shéis i *Proiméitiús faoi Laincis* le hAescaileas.

(*b*) An gceapann tú go bhfuil an ceart ag Proiméitiús ina chuid gearán, nó an bhfuil rud ar bith le rá i bhfabhar Shéis? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

(iii) (*a*) Scrúdáigh iompar Mhedea nuair a chastar í féin agus Iasón ar a chéile trí huaire i *Medea* le hEoiripidéas.

(*b*) An n-aontófá gur sa dara teaghmáil a dhéantar deimhin do go mbeidh an bua críochnaitheach aici ar Iasón?

(iv) In *Éideapús Rí* le Sofaicléas tá tábhacht lárnach le haitheascail agus tairngreachtaí.

Scrúdaigh an dearcadh ar aitheascail agus tairngreachtaí atá acu seo **go léir**: Éideapús; Iócasta; an Cór.

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) An caidreamh idir Odaiséas agus an bandia Ataene san *Odaisé* le Hóiméar a mheá.

(ii) Cuir an *Táin* agus an *Odaisé* i gcomparáid le chéile ó thaobh na ngnéithe draíochta agus fordhaonna atá iontu araon.

(iii) (*a*) Cén fáth a bhfuil Leabhair 2 den *Aéinéid* (*Turnamh na Traí*) chomh drámata tochtmhar is a tá sé?

(*b*) An n-aontófá go bhfuil mearbhall agus neamh-chinnteacht le sonrú in iompar Aéinéis le linn an gháibh? I mbeagánn focal, tábhair fáthanna le do fhreagra.

(iv) (*a*) San *Odaisé,* conas a chuireann Hóiméar an cás le chéile i gcoinne na Suiríoch i slí is go samhlaítear dúinn go raibh an pionós uasfásach a cuireadh orthu tuillte acu?

(*b*) An bhfuil aon trua agat do na Suirígh? I mbeagán focal, tabhair fáthanna le do fhreagra.

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (*a*) Léiríonn Oivid ina chuid filíochta ilghnéitheach na n-ábhar ar spéis leis iad. É seo a phlé.

(*b*) Conas tá filíocht Oivid difiriúil le filíocht Veirgil **nó** le filíocht Horáit?

(ii) "... tabharfaidh sé sásamh dom mo chion féin a bheith déanta agam, chomh maith is bhí ar mo chumas, le tuairisc a sholáthar ar na daoine ba mhó tábhacht ar domhan." (Réamhra Liviais).

Agus tagairt á déanamh agat do do théacs, léirigh gurb é an tírghrá a spreagann Livias lena chuid scríbhinní go léir a chumadh.

(iii) I bhfilíocht Horáit, aimsigh an fhianaise go raibh na tréithe seo ann:

(*a*) cairdiúlacht;

(*b*) féith an ghrinn.

(iv) (*a*) Achoimrigh insint Veirgil ar scéal Earcail agus Chacuis.

(*b*) Cad faoi deara an scéal a bheith tarraingteach agus drámata?

(*c*) Cén chreidiúint, dar leat, a dteastaíonn ó Veirgil go dtabharfaimís don scéal seo? I mbeagán focal, tabhair fáthanna le do fhreagra.

---

**GRÚPA III: Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Taispeánann Fótagraf **A** ar Pháipéar **X** plean theampall Shéis Olympios san Aithin.

(*a*) Cén tréimhse lena mbaineann sé i stair na hailtireachta Gréagaí?

(*b*) Luaigh ord na hailtireachta inar tógadh an teampall.

(*c*) Déan cur síos gairid ar an teampall.

(*d*) Cad tá le rá agat faoi thuairisc Richter go bhfuil gnéithe den teampall seo "a leiríonn an t-athrú dearcaidh i leith a raibh taitneamhach cuibhiúil, athrú a bhí tagtha chun cinn ó aimsir an Phartanain"?

(ii) Taispeánann Fótagraf **B** ar Pháipéar **X** radharc as kratér cuairseach.

(*a*) Cad is kratér cuairseach ann?

(*b*) Cén radharc a thaispeántar anseo, agus cérbh é an péintéir?

(*c*) Mínigh go hachomair an difríocht idir vásaí dubh-fhíoracha agus vásaí rua-fhíoracha.

(iii) Scrúdaigh Fótagraf **C** ar Pháipéar **X**.

(*a*) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an fhíor seo?

(*b*) Cad iad na gnéithe den dealbh atá gnáthúil sa tréimhse atá i gceist?

(*c*) Luaigh na príomhathruithe i bhforbairt na dealbhóireachta Gréagaí a tharla sa tréimhse ina dhiaidh sin.

(iv) Taispeánann Fótagraf **D** ar Pháipéar **X** peidiméid thiar theampall Shéis in Olympia. Taispeánann Fótagraf **E** ar Pháipéar **X** meiteop ón teampall céanna.

(*a*) Cad iad na radhairc a léirítear i ngach fótagraf acu?

(*b*) An rud a dúirt Richter mar gheall ar dhealbhóireacht na peidiméide i bhFótagraf **D** a chíoradh: "Gréas snoite atá ann a bhfuil gach gné de cónasctha go cliste d'fhonn aonad amháin a chumadh."

(*c*) Scríobh nóta ar fheabhas na ceardúlachta i gcás dhealbhóir an mheiteoip i bhFótagraf **E**.

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Cén fáth a bhfuil Platón chomh mór sin i gcoinne scéalta traidisiúnta faoi dhéithe agus ghaiscígh a insint do pháistí?

(ii) (*a*) Rianaigh samhail na huaimhe in *An Phoblacht* le Platón.

(*b*) Cén bhrí atá leis an tsamhail?

(*c*) Conas a fhreagraíonn Platón an cúiseamh nach bhfuil cothrom na Féinne á thabhairt aige do na fealsaimh nuair a éalaíonn sé orthu go bhfillfidís ar an uaimh le cabhair a thabhairt dóibh siúd a bhí fágtha inti go fóill?

(iii) "Tháinig mé ar an tuairim gur dheacair páirt a ghlacadh sa saol poiblí agus ionracas pearsanta a chaomhnú san am céanna." (*An Seachtú Litir* le Platón).

(*a*) Tabhair cuntas ar na himeachtaí a bhain do Phlatón agus a thug air teacht ar an tuairim seo.

(*b*) An gceapann tú gur chabhraigh an taithí a bhí aige ar na himeachtaí seo le cuid dá thuairimí faoin stát a mhúnlú – tuairimí a chuireann Platón i láthair in *An Phoblacht*? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

(iv) (*a*) Cén fáth, dar le Platón, ar cheart caitheamh go cothrom le fir agus mná sa stát idéalach a bhí i gceist aige?

(*b*) An gceapann sé go bhfuil na mná inchurtha leis na fir i ngach slí? An n-aontaíonn tú lena thuairim?

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Taispeánann Fótagraf **F** ar Pháipéar **X** plean Thrier na Gaille Rómhánaí (Augusta Treverorum).

(*a*) Ainmnigh na tréithe sonracha ag c, e, l agus n.

(*b*) Cén fhianaise atá ann go raibh Trier ina cathair an-tábhachtach agus an-saibhir?

(*c*) Déan cur síos gairid ar an Aula Palatina atá le feiceáil fós inniu in Trier.

(ii) Scrúdaigh Fótagraf **G** ar Pháipéar **X** a thaispeánann an amharchlann Rómhánach in Orange.

(*a*) Scríobh nóta ar an *scaenae frons* (cúlbhalla an stáitse).

(*b*) Conas a léiríonn an amharclann seo (agus amharclanna Rómhánacha eile) an méid a dúirt Wheeler: go "raibh an amharclann Rómhánach ag cloí leis an fhaiseann Rómhánach faoin spás inmheánach a bheith dúnta mórthimpeall."

(*c*) Luaigh **difríocht amháin** idir an amharchlann Rómhánach agus an luathamharclann traidisiúnta Ghréagach.

(iii) (*a*) Cén phéintéireacht bhall a thaispeántar i bhFótagraf **H** ar Pháipéar **X**?

(*b*) Scríobh nóta ar an úsáid a bhaintear as dathanna sa phéintéireachta seo.

(*c*) Conas a d'éirigh leis an ealaíontóir dealramh na doimhneachta a chruthú?

(*d*) Cad iad na príomhthéamaí sa phéintéireacht radharc tíre Rómhánach?

(iv) I bhFótagraf **I** ar Pháipéar **X** taispeántar dealbhóireacht rilífe ó Áirse Thíotais.

(*a*) Cad tá á chomóradh ag an dealbhóireacht seo?

(*b*) Scríobh nóta ar an úsáid a bhaineann an t-ealaíontóir as rilíf ard agus rilíf íseal.


(*c*) Comparáid a dhéanamh idir léiriú Thíotais sa rilíf seo agus léiriú an impire Ágastais san *Ara Pacis*. Cad a chuireann an chomparáid seo in iúl dúinn faoin mborradh a tháinig ar chultas pearsantachta na n-impirí sna blianta idir ré Ágastais agus ré Thíotais?

---

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999


LÉANN CLASAICEACH — ARDLEIBHÉAL


# PÁIPÉAR X




A


B







C

E






F




G

D





**H**



**I**

Baineadh Fótagraif A, B, C, D agus E as *A Handbook of Greek Art*, G. Richter, Phaidon Press, 4th Edition 1995.
Baineadh Fótagraif F, G, H agus I as *Roman Art and Architecture*, M. Wheeler, Thames and Hudson, London 1964.